

10 Bainistíocht chonarthaí na cóiríochta cosanta idirnáisiúnta

- 10.1** Bronnann an rialtas cosaint idirnáisiúnta (IP) ar dhuine a bhfuil tír eile fágtha aige/aici le héalú ó dhochar. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar Éirinn scrúdú a dhéanamh ar iarratas aon duine a thagann chuig an tír ag éileamh cosanta.¹ Déantar an próiseas sin tríd an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (an Roinn Dlí agus Cirt). Tagraítear do dhaoine aonair atá ag fanacht ar chinneadh faoina n-iarratas ar IP mar 'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta' (iarratasóirí IP).
- 10.2** Ón 1 Bealtaine 2025, tá an Roinn Dlí agus Cirt freagrach freisin as cóiríocht agus seirbhísí bainteacha a sholáthar d'iarratasóirí IP óna dteastaíonn na tacaíochtaí sin, trína Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS).² Roimh an dáta sin, ba í an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais a thug faoi na feidhmeanna sin. Áiríodh ar an aistriú feidhmeanna aistriú foirne agus taifead IPAS, a bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt cuntasach astu anois.
- 10.3** Tá méadú suntasach tagtha ar an líon iarratasóirí IP atá ag teacht go hÉirinn le blianta beaga anuas, agus méadú dá réir sin ar an líon iarratasóirí atá ag lorg cóiríochta a fhaigheann tacaíocht ón Stát.³ Dá thoradh sin, sáraíonn an t-éileamh ar chóiríocht an méid atá ar fáil. Dá bharr sin, b'éigean do IPAS cóiríocht bhreise a fháil, mar shampla óstáin tráchtála agus tithe lóistín, ar bhonn éigeandála.
- 10.4** De bharr easnamh cóiríocht leanúnach, níl IPAS in ann cóiríocht a chur ar fáil do gach iarratasóir IP óna dteastaíonn sé. Tá tionchar ag an easnamh sin ar iarratasóirí IP fireanna aonair go háirithe.
- 10.5** I Márta 2024, cheadaigh an Rialtas straitéis chóiríochta a bhfuil sé mar aidhm léi spleáchas an Stáit ar sholáthraithe tráchtála a laghdú faoi 2028 tríd an toilleadh leapacha faoi úinéireacht an Stáit a mhéadú go 14,000.⁴ Beidh an spleáchas ar sholáthraithe tráchtála le haghaidh cóiríocht teagmhais agus éigeandála amháin, agus beidh suas le 21,000 leaba bhreise i gceist leis.
- 10.6** Rinneadh an scrúdú sin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas
- an ndéanann IPAS dícheall cuí/seiceálacha comhlíontachta leordhóthanacha sula dtugtar faoi chomhaontuithe conarthacha maidir le cóiríocht shealadach d'iarratasóirí IP.
 - an bhfuil córas leordhóthanach i bhfeidhm ag IPAS chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht conartha don chóiríocht shealadach.
- 10.7** Chuir an fhoireann imscrúdaithe foireann IPAS faoi agallamh, rinne siad athbhreithniú ar na doiciméid, roghnaigh siad sampla de 20 réadmhaoin chun measúnú a dhéanamh ar sheiceálacha díchill chuí agus comhlíontacht conartha réamhchonartha, agus thug siad cuairt ar 13 cinn de na réadmhaoin sin.⁵ Léirítear sa tuarascáil seo na próisis atá i bhfeidhm agus an caiteachas a tabhaíodh sular aistríodh feidhmeanna chuig an Roinn Dlí agus Cirt, mura luaitear a mhalairt.

1 Rialaíonn [An tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015](#) an córas IP sa Stát.

2 Áirítear ar sheirbhísí lena mbaineann, *inter alia*, béilí, fóntais agus rochtain ar sheirbhísí leighis.

3 In 2022, bhí an líon iarratas IP díreach os cionn 13,600. In 2024, bhí os cionn 18,500 iarratas ann.

4 [Straitéis Chuimsitheach um Chóiríocht d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta](#).

5 Tugadh cuairt ar réadmhaoin amháin faoi dhó.

Iarratasóirí IP óna dteastaíonn cóiríocht

- 10.8** Ag deireadh 2024, bhí 32,702 iarratasóir IP atá i gcóiríocht arna soláthar ag an Stát ina gcónaí in 326 ionad cóiríochta (féach Fíor 10.1 agus Fíor 10.2).¹ Bhí timpeall trí cheathrú de na hiarratasóirí sin ina gcónaí in 269 ionad cóiríochta éigeandála arna soláthar ag oibreoirí tráchtála. Bhí na hiarratasóirí IP eile ina gcónaí go príomha in 49 ionad cóiríochta IPAS fhadtéarmach, a raibh a bhformhór faoi úinéireacht tráchtála agus a fuarthas ar bhonn iomaíoch.²
- 10.9** Ag deireadh 2024, ní raibh IPAS in ann cóiríocht a chur ar fáil do 3,285 iarratasóir IP fireannach aonair. Laghdaíodh an figiúr sin go 2,577 faoi dheireadh Mheitheamh 2025 agus go thart ar 720 faoi dheireadh Lúnasa 2025.
- 10.10** Faoi dheireadh Mheitheamh 2025, bhí laghdú beag ar an líon foriomlán iarratasóirí IP a bhí ag baint leas as cóiríocht arna soláthar ag an Stát. É sin ráite, tháinig méadú timpeall 2% ar an líon iarratasóirí IP atá ina gcónaí in ionaid chóiríochta éigeandála, agus tháinig laghdú 6% san iomlán tagtha ar an líon daoine i gcóiríocht fhadtéarmach agus i gcóiríocht faoi úinéireacht an Stáit.
- 10.11** D'ainneoin aidhm fhoriomlán na straitéisebogadh go cóiríocht faoi úinéireacht agus arna hoibriú ag an Stát, tá an líon daoine cóirithe i gcóiríocht tráchtála éigeandála ag méadú.

1 As an 32,702 iarratasóir IP, ba leanaí 9,015 (28%) díobh.

2 Tá seacht gcinn de na hionaid faoi úinéireacht an Stáit (49 ionad san iomlán).

Fíor 10.1 Anailís ar iarratasóirí IP de réir cineál cóiríochta, 2019 – 2025^a


	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Líon iomlán na n-iarratasóirí IP a cuireadh i gcóiríocht	7,683	6,997	7,244	19,104	26,279	32,702	32,689
Líon iomlán na n-ionad cóiríochta	78	73	70	154	258	326	324
Cóiríocht éigeandála							
- Iarratasóirí IP	1,512	1,148	1,046	10,869	17,862	24,718	25,221
- Ionaid chóiríochta	37	28	24	106	204	269	269
Cóiríocht fhadtéarmach IPAS							
- Iarratasóirí IP	5,731	5,575	5,737	6,853	7,071	6,518	6,447
- Ionaid chóiríochta	40	44	45	46	49	49	50
Cóiríocht eile faoi úinéireacht an Stáit ^b							
- Iarratasóirí IP	440	274	461	1,382	1,346	1,466	1,021
- Ionaid chóiríochta	1	1	1	2	5	8	5

Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Léiríonn sé sin an cás ag deireadh mhí na Nollag do na blianta 2019 go 2024; agus go deireadh Mheitheamh 2025.

b Áirítear an tIonad Glactha Náisiúnta, Mol Iompair Iarthar na Cathrach (ó 2022) agus cóiríocht i bpubaill (ó 2023). Tá na hionaid chóiríochta i bpubaill ar thalamh atá faoi úinéireacht an Stáit.

Fíor 10.2 Dáileadh per capita iarratasóirí IP i gcóiríocht arna soláthar ag an Stát, 31 Nollaig 2024^a



Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Áirítear leis sin an chóiríocht uile i.e. ionaid bhuana, cóiríocht éigeandála, Mol Iompair Iarthar na Cathrach, an tIonad Glactha Náisiúnta agus cóiríocht i bpubaill.

Cóiríocht a fháil

- 10.12** Mar fhreagairt ar an líoníarratasóirí IP atá ag méadú, reáchtáil IPAS próiseas soláthair phoiblí go luath in 2022 maidir le soláthar cóiríochta IP agus seirbhísí gaolmhara.¹ Fógraíodh an próiseas soláthair in athuair i mí na Samhna 2022.² Mar thoradh ar an bpróiseas, rinne IPAS 25 conradh maidir le hionaid chóiríochta chun 2,612 seomra (san iomlán) a sholáthar. Tá seacht gcinn de na conarthaí sin imithe in éag ó shin.
- 10.13** Faigheann IPAS cóiríocht éigeandála freisin d'iarratasóirí IP trí léirithe spéise ó sholáthróirí féideartha agus trí fhoinsiú díreach.³ Tá chuid den chóiríocht a úsáideadh cheana chun críocha Covid-19 in úsáid freisin mar chóiríocht d'iarratasóirí IP.

1 RFT Poiblí – [Comhaontú Painéil Saincheaptha maidir le Soláthar Seirbhísí Cóiríochta agus Seirbhísí Gaolmhara do Dhaoine a bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á hIarraidh acu.](#)

2 Fógraíodh an próiseas in athuair mar gheall nár chothaigh an chéad fhreagra cóiríocht leordhóthanach.

3 Baineann foinsiú díreach le rannpháirtíocht le soláthraithe reatha nó foinsí atá ar eolas.

Costais chóiríochta

10.14 Thabhaigh IPAS caiteachas de beagnach €1.1 billiún ar sholáthar cóiríochta agus seirbhísí gaolmharra d'iaratasóirí IP in 2024 (féach Fíor 10.3). Tá méadú faoi ocht tagtha ar chaiteachas a bhaineann le hiaratasóirí IP le linn na tréimhse 2019 go 2024.

10.15 Tá méadú tagtha ar chostais le linn na tréimhse de bharr an mhéid seo a leanas go príomha.

- An líon iaratasóirí IP atá ag méadú atá ag teacht óna dteastaíonn cóiríocht. Tháinig méadú faoi cheithre ar an líon iaratasóirí IP atá i gcóiríocht (arna thomhas ag deireadh na bliana) sa tréimhse 2019 go 2024.
- An t-am méadaithe a ghlacann sé chun iarratais IP a phróiseáil, agus dá thoradh sin cónaíonn iaratasóirí IP i gcóiríocht arna soláthar ag an Stát ar feadh tréimhsí fada. Timpeall 17 mí a bhí sa mheastachán seachtrach ar am airmheánach próiseála ceann go ceann d'iarratais IP ag deireadh mhí Bealtaine 2024.¹
- Iaratasóirí IP ag leanúint ar aghaidh ina gcónaí i gcóiríocht arna soláthar ag an Stát tar éis cead a fháil fanacht sa Stát. Lean beagnach 5,300 duine le stádas cosanta le bheith ina gcónaí i gcóiríocht arna soláthar ag an Stát ag deireadh 2024, arbh ionann é agus timpeall 16% de chónaitheoirí IPAS.² Ag deireadh mhí Iúil 2025, bhí thart ar 5,000 iaratasóir ar deonaíodh stádas cosanta orthu ag fanacht, le cead, i gcóiríocht IPAS.
- Iaratasóirí IP ar diúltaíodh dá n-iarratais le fanacht sa Stát ag fanacht i gcóiríocht fad is atá an cinneadh á achomharc.
- Seirbhísí cóiríochta agus coimhdeacha arna soláthar go príomha ag oibreoirí tráchtála, agus IPAS faoi bhrú áiteanna breise a aimsiú.

[1 Brúnna Caiteachais IPAS a Bhainistiú: Tiománaithe Éilimh agus Freagairtí Beartais.](#)

Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES) (Meitheamh 2025). Tugadh faoi deara sa pháipéar gur thosaigh an t-am airmheánach próiseála ag laghdú sa chuid deiridh de 2024.

2 Sainnadh sa pháipéar IGEES (féach an taobhnóta roimhe seo) ag deireadh 2024, nach raibh 5,292 duine a bhfuil cead acu fanacht in Éirinn aistrithe chuig cónaí neamhspleách.

3 Áiríodh san éileamh gan fasach cóiríocht d'iaratasóirí IP agus do dhaoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh sa Úcráin.

4 Ní gá go mbainfeadh fócaíochtaí a rinneadh i mí leis an gcóiríocht a cuireadh ar fáil sa mhí sin.


5 Tugtar le fios i dtuarascáil IGEES gurb é an costas ríofa in aghaidh na hoíche in aghaidh an duine i gcóiríocht IPAS an meánchostas míosúil in aghaidh na hoíche in aghaidh an duine ualaith de réir leibhéil áitíochta gach mí chun luaineachtaí a ghabháil sa líon cónaitheoirí le linn na bliana.

10.16 Dúirt an Roinn Díl agus Cirt go raibh an líon iomlán iarratas IP idir 2019 agus 2021 díreach faoi bhun 9,000, ag méadú go beagnach 45,000 iarratas don tréimhse 2022 go 2024. Dúirt sí go bhfuil cumas an Stáit chun idirbheartaíocht a dhéanamh agus an t-éileamh gan fasach ar chóiríocht mar aon leis an mbrú boilscithe agus eile léirithe i méadú níos mó ar chaiteachas i gcoibhneas leis an éileamh méadaithe.³ De bharr uainiú fócaíochtaí, níorbh fhéidir leis an bhfoireann imscrúdaithe comparáid bheacht a dhéanamh idir caiteachas míosúil atá ag méadú agus an líon iaratasóirí i gcóiríocht.⁴


10.17 Chomh maith leis sin, níorbh fhéidir meánchostas in aghaidh na hoíche a ríomh in 2024 do chóiríocht éigeandála ná do chóiríocht faoi úinéireacht an Stáit. Tharla sé sin de bharr roinnt costas as seirbhísí bainistíochta saoráidí do chóiríocht faoi úinéireacht an Stáit a bheith á dtaifeadadh ag IPAS mar chaiteachas tráchtála. Eascaíonn sé sin i gcás ina n-áirítear costais as réadmhaoin faoi úinéireacht an Stáit agus réadmhaoin tráchtála ar shonrasc amháin.

10.18 I bpáipéar anailíseach de chuid Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES) (Meitheamh 2025), dúradh gurb é €92 an meánchostas in aghaidh na hoíche in 2024 chun cóiríocht a chur ar fáil d'iaratasóirí IP i gcóiríocht phríobháideach (éigeandála den chuid is mó) i gcomparáid le €34 do chóiríocht faoi úinéireacht an Stáit.⁵

Fíor 10.3 Caiteachas ar chóiríocht agus seirbhísí gaolmhara d'iaratasóirí IP, 2019 go 2024^a



Cóiríocht agus seirbhísí gaolmhara maidir le hiarratasóirí IP €1,066m — 2024




Foinse: Vóta 40 Cuntais leithreasa Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige 2020 – 2024; agus Vóta 24 Cuntas leithreasa Dlí agus Cirt 2019. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Cuireadh caiteachas a tabhaíodh in 2019 san áireamh i gcuntas leithreasa Vóta 24 Dlí agus Ceart.
 - b Tagraíonn sé sin d'iaratasóirí IP i gcóiríocht arna soláthar ag an Stát ag deireadh gach bliana. Ní áirítear ann fir aonair gan chóiríocht atá i ndiaidh cóiríocht arna soláthar ag an Stát a lorg.
 - c Baineann sé sin go príomha leis an gcóiríocht faoi chonradh uile (lena n-áirítear Mol Iompair Iarthar na Cathrach) seachas roinnt costais bainistíochta saoráidí do chóiríocht faoi úinéireacht an Stáit (féach fonóta f).
 - d Áirítear leis sin €41.7 milliún a íocadh le Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, go príomha chun cóiríocht a chur ar fáil do leanaí scartha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu. Áirítear leis freisin íocaíochtaí le húdaráis áitiúla as foirne lánpháirtithe (tacaíochta); íocaíochtaí le tionscadail an Choiste Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga; agus íocaíochtaí le roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha, cuideachtaí forbartha áitiúla agus grúpaí pobail eile as seirbhísí tacaíochta d'imirceigh.
 - e Áiríodh orthu sin costais as sainchomhairleoireacht, iompar, cigireachtaí, táillí ceadúnais, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus costais socraíochta. Tá €3.7 milliún de chaiteachas caipitil a tabhaíodh i gceannach tithe modúlacha san áireamh anseo freisin.
 - f Áirítear leis sin costais bainistíochta saoráidí, costais fóntas agus costais theagmhachasacha eile maidir le réadmhaoin faoi úinéireacht an Stáit. Ach, i gcás ina soláthraíonn oibreoir bainistíochta saoráidí seirbhísí d'ionaid faoi úinéireacht an Stáit agus ionaid chóiríochta éigeandála araon, d'fhéadfadh na costais ghaolmhara a bheith san áireamh faoi 'Sheirbhísí cóiríochta agus coimhdeacha – tráchtáil'.

10.19 B'ionann íocaíochtaí le soláthraithe tráchtála as cóiríocht agus seirbhísí coimhdeacha d'iarratasóirí IP (seachas costais a ghearrtar ar shaoráidí faoi úinéireacht an Stáit) agus thart ar €978 milliún in 2024. Íocadh beagnach €230 milliún (24%) de sin le seacht soláthraí tráchtála, gach ceann díobh ag fáil os cionn €20 milliún (féach Fíor 10.4).

Fíor 10.4 Íocaíochtaí os cionn €20 milliún le soláthraithe tráchtála, agus líon réadmhaoine, 2024^{a,b}



Foinse: Vóta 40 – Cuntas leithreasa Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige 2024. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Áirítear leis sin eintitis tráchtála a sholáthraíonn roinnt mhaith réadmhaoine ach ní áirítear páirtithe nasctha a sholáthraíonn réadmhaoine trí eintitis éagsúla.
 - b Cuireann cúig cinn de na seacht soláthraí cóiríocht éigeandála ar fáil. Cuireann soláthraí amháin cóiríocht fhadtéarmach IPAS ar fáil agus cuireann soláthraí amháin bainistíocht saoráidí/seirbhísí lónadóireachta ar fáil ag roinnt ionaid cóiríochta fadtéarmaí IPAS.
 - c Tá cineál agus toilleadh na réadmhaoine éagsúil.
 - d Áirítear leis sin caiteachas ar sheirbhísí a bhaineann le bunú a chuirtear ar fáil ag líon beag ionad eile nár sainíodh ina dhiaidh sin mar ionaid ghníomhacha IPAS.

Dícheall cuí réamhchonartha

10.20 Cuireann seiceálacha díchill chuí (lena n-áirítear cúlra) ar chumas comhlachtaí poiblí na rioscaí a bhaineann le gnó a dhéanamh le tríú páirtithe a shainaithint agus a mhaolú. Áirítear ar na seiceálacha sin a chinntiú gurb iad na soláthraithe na daoine a mhaíonn siad atá iontu; go bhfuil cuntas teiste cruthaithe acu; agus go bhfuil an toilleadh agus an cumas ach na seirbhísí conartha riachtanacha a sholáthar le linn na tréimhse comhaontaithe faoi chonradh.

10.21 Leagtar amach na seiceálacha díchill chuí atá le déanamh nuair atá cóiríocht agus seirbhísí coimhdeacha á soláthar thar ceann an Stáit leagtha amach i Fíor 10.5. Dúirt IPAS go bhfuil a phróisis díchill chuí ailínithe go leathan leis na seiceálacha sin, seachas ag an gcéim réamhchonartha nach ndéanann sé measúnú ná nach dtógann sé san áireamh

- cobhsaíocht airgeadais an tsoláthraí cóiríochta beartaithe, nó
- tacaíocht do chustaiméirí agus freagrúlacht an tsoláthraí maidir le ceisteanna, iarratais nó ábhair imní.

Fíor 10.5 Gnáthsheiceálacha díchill chuí réamhchonartha

	☒	Taighde agus cúla	☒	Clúdach árachais
	☒	Measúnacht ar an gcóiríocht a thairgtear	☒	Cobhsaíocht airgeadais an tsoláthraí beartaithe
	☒	Cuairt ar an gcóiríocht bheartaithe	☒	Comhlíonadh cánach
	☒	Sábháilteacht agus slándáil saoráidí	☒	Comhlíontacht le dlíthe, rialacháin agus caighdeáin tionscail ábhartha
	☒	Tacaíocht do chustaiméirí / freagrúlacht maidir le ceisteanna, iarratais	☒	Úinéireacht na saoráide/comhaontú léasa

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

10.22 Luaigh IPAS freisin, ó Mhárta 2024, go bhfuil dearbhú ag teastáil ag an gcéim chonraitheoireachta maidir le cúinsí pearsanta an chonraitheora a chlúdaíonn a gcobhsaíocht airgeadais.¹ Ceanglaítear sa dearbhú, *inter alia*, deimhniú nár ciontaíodh an conraitheoir riamh as éilliú, calaois, gníomhaíochtaí a bhaineann le sceimhlitheoireacht, sciúradh airgid, etc. Teastaíonn deimhniú freisin nach bhfuil an conraitheoir ag sárú/nár sháraigh sé/sí (h)oibleagáidí maidir le híocaíocht cánacha ná ranníocaíochtaí slándála sóisialta.

10.23 Ní mór an dearbhú a shíniú i láthair Coimisinéir Mionnaí nó aturnae cleachtach. Tugadh isteach dearbhú breise i ndáil leis an Rialachán um Fhóirdheontais Eachtracha ó Aibreán 2025.²

Measúnú comhlíontachta réamhchonartha

10.24 Ionas go ndéanadh IPAS breith ar thairiscint cóiríochta, ceanglaítear ar an soláthraí teimpléad tairisceana (féindearbhu) a chur i gcrích.

10.25 Rinne an fhoireann imscrúdaithe measúnú ar chomhlíontacht le ceanglais tairisceana réamhchonartha IPAS maidir le sampla de 20 ionad cóiríochta.³ Cinneadh nach raibh na ceanglais shonraithe iomlán in go leor cásanna (féach Fíor 10.6).

1 Clúdaíonn an dearbhú an dearbhóir agus baill de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an eintitis ainmnithe. Clúdaíonn sé freisin na cumhachtaí ionadaithe, cinnidh nó rialaithe sin san eintiteas.

2 [Rialachán \(AE\) 2022/2560](#) maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach.

3 Tá achoimre ar thoradh athbhreithniú na foirne imscrúdaithe ar dhoiciméid don 20 réadmhaoin san áireamh in larscríbhinn 10A.

10.26 Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt (amhail deireadh Lúnasa 2025) go bhfuil an fhaisnéis seo a leanas maidir leis na réadmhaoine samplacha a ndearna an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú orthu ar taifead anois.¹

- Deimhnithe árachais maidir le 13 réadmhaoin.
- Deimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán nó doiciméid eile a thugann ráthaíocht um shábháilteacht ó dhóiteán (e.g. measúnú comhlíontachta um shábháilteacht ó dhóiteán) maidir le 15 réadmhaoin. Luaigh sí go bhfuil deimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán éagsúil i measc na n-údarás áitiúil agus nach dtaifeadann gach údarás áitiúil acmhainn réadmhaoine ar an deimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán.
- Fianaise maidir le húinéireacht réadmhaoine maidir le deich réadmhaoin.
- Doiciméid phleanála maidir le deich réadmhaoin. Dúirt an Roinn gur cuireadh roinnt réadmhaoine in úsáid in 2022 nuair a bhí an t-éileamh ar chóiríocht níos mó ná an soláthar agus sular tugadh isteach an díolúine phleanála.

¹ Chuir IPAS deireadh leis an gconradh do 1 as an 20 réadmhaoin samplach.

Fíor 10.6 Measúnú comhlíontachta réamhchonartha maidir le 20 ionad cóiríochta^a

Ceanglas teimpléid tairisceana (féindearbhú) ^b	Toradh
Nocht an cinéal cóiríochta is féidir a sholáthar.	Ní raibh doiciméid tairisceana chomhlánaithe ar fáil ach maidir le seacht gcinn (35%) de na réadmhaoine.
Uimhir oifige um chlárú cuideachtaí (CRO) a sholáthar.	- Bhí uimhreacha CRO ceart i ngach cás seachas ceann amháin – fuair an fhoireann imscrúdaithe amach nach raibh an uimhir CRO maidir le soláthraí amháin ag teacht leis an uimhir (don soláthraí) de réir shuíomh gréasáin CRO. - Ar leithligh, níor chuir IPAS fianaise ar fáil go ndearna sé a sheiceáil féin ar uimhreacha an tsoláthraí ag úsáid shuíomh gréasáin CRO.
Deimhniú árachais bailí a bheith acu maidir leis an áitreabh beartaithe.	Ní raibh deimhnithe árachais ar fáil ach maidir le hocht gcinn (40%) de na réadmhaoine.
Deimhniú comhlíontachta bailí a bheith acu maidir le caighdeán um shábháilteacht ó dhóiteán ag léiriú an limistéir san fhoirgneamh atá le húsáid agus an leibhéal áitíochta beartaithe.	- Ní raibh deimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán iomchuí a chlúdaíonn na réadmhaoine beartaithe ar fáil ach maidir le naoi n-ionad (45%). É sin ráite, níor léirigh ceann ar bith de na deimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán go soiléir an leibhéal áitíochta beartaithe. - Cé gur cuireadh deimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán ar fáil do chúig réadmhaoin eile - bhain ceann amháin leis an mbliain 2025, ní réamhchonradh. - níor chlúdaigh ceann amháin ach ceann den dá fhoirgneamh a bhí á mbeartú. - bhain ceann amháin le réadmhaoin a bhí a n-úsáid mar oifigí tráchtála agus ní mar árasáin d'iarratasóirí IP. - bhain ceann amháin le 2005 (moladh i dtuarascáil chomhairleora 2015 go bhfaighfí deimhniú nua chun athruithe ó eisíodh an deimhniú bunaidh a chlúdach). - chlúdaigh ceann amháin níos lú seomraí ná an méid ar bronnadh conradh dóibh ina dhiaidh sin (22 seachas 26).
Ccruthúnas a thabhairt ar úinéireacht dhlíthiúil an fhoirgnimh nó cóip den chomhaontú léasa atá i bhfeidhm.	Níor tugadh fianaise ach maidir le réadmhaoin amháin (5%) trí chomhaontú léasa.
Fianaise a sholáthar maidir le cead pleanála iomlán chun an t-áitreabh a úsáid mar chóiríocht IP, nó - i gcás inar ábhartha, iarratas chuig an údarás pleanála ábhartha don réadmhaoin le breith mar fhorbairt dhíolmhaithe faoi na rialacháin (rialacháin phleanála).	Níor cuireadh fianaise maidir le cead pleanála/iarratas ar dhíolúine faoi na rialacháin phleanála ar fáil ach maidir le ceithre réadmhaoin (20%).

Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Féach alt 10.72 chun measúnú na foirne imscrúdaithe a fháil ar chomhlíontacht cánach.

b Tá na ceanglais bunaithe ar fhoirm thogra 2024. Tugadh foirm nuashonraithe isteach i gcomhair 2025.

Ceanglais um athrú úsáide

10.27 Ceadáítear athrú úsáide sealadach a bhaint as struchtúir shonraithe chun críche cóiríocht a sholáthar go sealadach d'iaratasóirí IP.¹ Ceadáíodh le Rialacháin arna dtabhairt isteach ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i mí na Samhna 2022 an úsáid athraithe sin suas go dtí an 31 Nollaig 2024.² I mí Iúil 2023, faoi rialacháin leasaithe, cuireadh síneadh leis an amlíne um athrú úsáide go dtí an 31 Nollaig 2028.³

10.28 Ceanglaítear leis na rialacháin phleanála go gcuirfeadh soláthraí réadmhaoine an t-údarás áitiúil ábhartha ar an eolas maidir le láithreacha ina bhfuil athrú úsáide ar siúl sula dtosaítear an fhorbairt. Dúirt IPAS nach gcoinníonn sé taifid ar réadmhaoine a cuireadh in iúl d'údaráis áitiúla maidir le hathrú úsáide mar chóiríocht IP.

10.29 Dúirt IPAS, ó Eanáir 2023, go ndéanann sé teagmháil le húdaráis áitiúla, go luath sa phróiseas, lena fháil amach an bhfuil aon fhaisnéis ábhartha acu maidir le réadmhaoine a bhfuil sé beartaithe í a úsáid chun cóiríocht a chur ar fáil d'iaratasóirí IP. Níor tugadh faoin bpróiseas comhairliúcháin sin d'ionaid a bhfuil athnuachana conartha á ndéanamh ina leith, a fuarthas cheana.

10.30 Dúirt IPAS freisin, ó Iúil 2024, go gceanglaíonn sé ar sholáthraithe dearbhú alt 5 a chur isteach maidir le forbairt dhíolmhaithe leis an teimpléad togra cóiríochta.⁴ Maidir le hathnuachana conartha, ceanglaítear ar sholáthraithe fianaise i scríbhinn a sholáthar gur tugadh cead an foirgneamh a úsáid le haghaidh cóiríocht d'iaratasóirí IP.

1 Áirítear sna struchtúir shonraithe, *inter alia*, aon struchtúr nó cuid de struchtúr a úsáidtear mar scoil/coláiste/oillscoil/ionad oiliúna, ionad sóisialta, ionad pobail, club neamhchónaitheach, cumann nó staidiam spóirt, giomnásiam, óstán, ionad tionóil, ionad comhdhála, siopa, oifig, beairicí Óglaigh na hÉireann, etc.

2 IR 605/2022 — [Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt \(Forbairt Dhíolmhaithe\) \(Uimh. 4\) 2022](#).

3 IR 376/2023 — [Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt \(Forbairt Dhíolmhaithe\) \(Uimh. 4\) 2023](#).

4 Eisíonn an t-údarás áitiúil ábhartha dearbhú alt 5 maidir le forbairt dhíolmhaithe faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Leagtar amach sa dearbhú má mheastar go bhfuil forbairt bheartaithe díolmhaithe ó na ceanglais chun cead pleanála a fháil.

5 Síníodh an conradh a bhí fágtha, ar feadh dhá bhliain, in 2023. Ní dhearnadh cigireacht réamhchonartha ar an réadmhaoine bheartaithe.

6 Faighte ó [Staitisticí seachtainiúla cóiríochta agus teachta IPAS](#) amháil deireadh mhí na Nollag 2024.

Cigireachtaí réamhchonartha

10.31 Roimh 2024, ní dhearnadh cigireachtaí réamhchonartha maidir le gach réadmhaoine. Dúirt IPAS, ó thús 2024, go ndearnadh cigireacht ar gach réadmhaoine roimh an gconradh. Déantar é sin chun toilleadh a chinneadh, chun a chinntiú go gclóifear leis na híoscheanglais spáis in aghaidh an duine agus go bhfuil saoráidí leordhóthanacha ann don líon cónaitheoirí a bhfuil sé beartaithe cóiríocht a sholáthar dóibh.

10.32 Síníodh naoi gcinn as an deich gconradh a bhí ar fáil don 20 réadmhaoine samplach a d'athbhreithnigh an fhoireann imscrúdaithe in 2024.⁵ Ní dhearnadh cigireacht réamhchonartha ach maidir le ceann amháin de na réadmhaoine bheartaithe, áfach.

Comhlíontacht conartha

10.33 Ag deireadh 2024, bhí 326 ionad ag soláthar cóiríochta d'iaratasóirí IP.⁶ Bhí dhá ionad á gclúdach faoi chonradh amháin, áfach, rud a laghdaigh an líon conarthaí lena bhfuil coinne go 325. Bhí conarthaí gníomhacha nó 'i ndáta' i bhfeidhm, ag deireadh 2024, maidir le 164 ionad. Maidir leis an 161 ionad eile, inar cóiríodh 13,785 iaratasóir, thaifead IPAS go raibh 60 díobh i 'bpróiseas athnuachana', agus níor taifeadadh an stádas maidir le 101 ionad.

- 10.34** Faoi dheireadh Iúil 2025, ní raibh ach méadú fánach ar an líon ionad ag a raibh conarthaí gníomhacha, ó 164 go 168. Lean na hionaid eile ag cur seirbhísí cóiríochta ar fáil in éagmais socruithe conarthacha 'i ndáta'. Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt go leanann conarthaí éagtha ag feidhmiú faoi théarmaí an chomhaontaithe bunaidh go dtí go gcuirfear conradh nua i bhfeidhm nó go gcuirfear an comhaontú ar ceal go foirmiúil.

Téarmaí agus coinníollacha ar conradh

- 10.35** Ba cheart go leagfaí amach go soiléir i gconarthaí le soláthraithe cóiríochta cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe leis an gconradh na seirbhísí atá le soláthar; agus achar ama agus minicíocht an tseachadta agus na dtéarmaí íocaíochta.¹
- 10.36** Ní raibh teacht ar chonarthaí sínithe a chlúdaigh íocaíochtaí in 2024 maidir le 10 as 20 réadmhaoin (50%) a d'athbhreithnigh an fhoireann imscrúdaithe. Dá thoradh, bhí íocaíochtaí á ndéanamh ar théarmaí neamhchonarthacha, agus baineadh an bonn d'acmhainneacht IPAS chun a soláthar seirbhíse comhaontaithe a fhíorú i gceart (agus/nó á fhorfheidhmiú nuair is ceart).

Comhlíontacht le rialacháin phleanála/um shábháilteacht ó dhóiteán

- 10.37** Fuair an fhoireann imscrúdaithe gur áiríodh ceanglais shoiléire ar an soláthraí cóiríochta chun na rialacháin phleanála agus sábháilteachta ó dhóiteán a chomhlíonadh i ndeich gcinn de na conarthaí a bhí ar fáil maidir leis na réadmhaoine samplacha a athbhreithníodh. Ceanglaíodh leis na conarthaí freisin gur gá cónaitheoirí a chur ar an eolas maidir leis na rialacha cóiríochta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán.
- 10.38** Áiríodh barántas sna deich gconradh agus an fhreagracht ar an soláthraí cóiríochta lena chinntiú go raibh an deimhniú agus nósanna imeachta dóiteáin ábhartha i bhfeidhm i gcomhréir leis an Acht Seirbhísí Dóiteáin.
- 10.39** I naoi gcinn den deich gconradh, d'aithin an soláthraí nach bhfuarthas aon fhógraí forfheidhmithe phleanála faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2021.² Ar an gcaoi chéanna, d'aithin an soláthraí nár sheirbhíseáil an t-údarás áitiúil ábhartha aon fhógraí sábháilteachta dóiteáin (i.e. rabhaidh) ar an soláthraí maidir leis an réadmhaoin.

- 10.40** Go ginearálta, ceadaítear le téarmaí agus coinníollacha ar conradh d'fhoirceannadh láithreach conartha i gcás ina bhfuil athrú ar stádas phleanála nó sábháilteachta dóiteáin na cóiríochta.³ Áirítear leis sin athrú ar an stádas díolmhaithe phleanála a mbíonn tionchar diúltach aige ar úsáid leanúnach réadmhaoine mar chóiríocht IP.

Comhlíontacht le ceanglais chóiríochta

- 10.41** Forordaítear leis na caighdeáin náisiúnta maidir le cóiríocht do dhaoine sa phróiseas IP íoscheanglas spáis 4.65m² an duine do gach cónaitheoir in aghaidh an tseomra.⁴ Cuirtear cosc leis na caighdeáin freisin leapacha bunc a úsáid do dhaoine 15 bliana d'aois nó níos sine, mura n-iarrtar iad.

1 Bíonn téarmaí agus coinníollacha ar conradh éagsúil i measc na soláthraithe go príomha mar gheall ar chineál agus láthair na cóiríochta, cineál na seirbhísí coimhdeacha a chuirtear ar fáil agus bunús na híocaíochta.

2 Níor áiríodh an clásal sin sa chonradh a bhí fágtha, a síníodh i Meán Fómhair 2023. Síníodh na conarthaí don naoi réadmhaoin eile in 2024.

3 Tá foirceannadh den chineál sin gan dliteanas do chúiteamh nó damáistí.

4 Is iad [Caighdeáin Náisiúnta — An Roinn Dlí agus Cirt 2019](#) na caighdeáin reatha atá i bhfeidhm i ndáil leis an gcóiríocht a thairgtear do dhaoine sa phróiseas cosanta.

- 10.42** Bhí forálacha i naoi gcinn den deich gconradh a bhí ar fáil inar sonraíodh íos-leithdháileadh spáis do chónaitheoirí. Níor áiríodh an tsonraíocht chéanna sa chonradh a bhí fágtha – a síníodh in 2023 – mar nár tugadh an tsonraíocht isteach go dtí 2024 maidir le conarthaí nua.
- 10.43** Chonaic an fhoireann imscrúdaithe le linn cuairteanna suímh ar 13 ionad cóiríochta
- go raibh leapacha bunc in úsáid do dhaoine fásta i dtrí ionad, rud a sháraíonn na caighdeáin náisiúnta agus a sháraíonn téarmaí agus coinníollacha ar conradh in dhá ionad.¹
 - ba léir go raibh méid an tseomra agus leibhéil áitíochta seomra i roinnt láithreacha ag sárú an íoscheanglais spáis atá sonraithe maidir le gach cónaitheoir.
- 10.44** Dúirt IPAS, cé gur leagadh amach na caighdeáin náisiúnta in 2019, nár glacadh iad maidir le hionaid chóiríochta éigeandála go dtí lár 2023. Dá thoradh, ní raibh roinnt réadmhaoine a fuair conradh in 2022 agus 2023 faoi réir na gcaighdeán.
- 10.45** Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt, de bharr an líon daoine gan fasach a bhí ag lorg cóiríochta, gur ghá di leas a bhaint as foirgnimh oifige athchóirithe, beairicí airm díchoimisiúnaithe agus pubaill chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh in dtoilleadh glactha. Áirítear leis sin freisin úsáid leapacha bunc, nuair is gá, chun an méid is mó spásanna leapa i réadmhaoine a uasmhéadú. Dúirt sí freisin go bhfuil an Roinn tiomanta faoin straitéis chóiríochta chuimsitheach, do spleáchas ar shocruithe den sórt sin a laghdú.

Sárúithe conartha

- 10.46** Cé gur bunaíodh feidhm chomhlíontachta chonartha fhoirmiúil i mí na Nollag 2023, níor doiciméadaíodh a raon feidhm agus a próiseas go dtí Meitheamh 2025. Díróinn an fheidhm ar chomhlíontacht chonarthach réadmhaoine faoi úinéireacht oibreoirí tráchtála agus ní áirítear réadmhaoine faoi úinéireacht an Stáit inti.
- 10.47** Sular tugadh isteach an rianaire comhlíontachta in Aibreán 2025, níor logáil IPAS sárúithe conartha go foirmiúil chun iad a fhiosrú.² Déantar sárúithe conartha a chatagóiriú anois de réir catagóir chomhlíontachta laistigh den rianaire agus sanntar rátáil riosca dóibh. Sanntar gach saincheist chuig cásoibrí chun an réiteach a bhainistiú. I gcás nach réitítear na saincheisteanna laistigh d'achar ama sonraithe, is féidir an conradh a fhoirceannadh.
- 10.48** Amhail lár mhí an Mheithimh 2025, bhí 118 saincheist taifeadta ar an rianaire comhlíontachta a bhaineann le timpeall 80 soláthraí. Bhí rátáil riosca 16 nó níos airde (is é 25 an rátáil is airde) ag os cionn 80% de na saincheisteanna. As na saincheisteanna sin,
- bhain 89% díobh le 'leapacha nach bhfuil ar fáil';³
 - bhain 9% díobh le sláinte agus sábháilteacht;
 - bhain 2% díobh le rótháille agus róthoilleadh.

¹ Tá an tríú ionad arna bhainistiú ag IPAS faoi réir comhaontú ceadúnais nach sonraítear ceanglais chóiríochta ann.

² Sainaitnítear saincheisteanna comhlíontachta conartha ó chigireachtaí agus foinsí eile amhail athbhreithnithe sonraisc, deasc chabhrach, athnuachan conarthaí agus foinsí seachtracha.

³ Is féidir le soláthraí leapacha a mharcáil mar 'gan a bheith ar fáil' ar chúiseanna, *inter alia*, cothabhála agus leighis.

10.49 Maidir leis na neamhchomhlíontachtaí sin, dúirt an Roinn Dlí agus Cirt an méid a leanas.

- Tá fáil anois ar shonraí iontaofa maidir leis an gcéatadán leapacha nach bhfuil ar fáil ó tugadh isteach córas TF nua ar a dtugtar BedSpace i mí Feabhra 2025.¹
- De bharr córas cigireachta níos fearr tá feabhas tagtha ar réiteach saincheistanna sláinte agus sábháilteachta. Thug an Roinn faoi deara maidir leis an sampla de 20 réadmhaoin a ndearnadh cigireacht orthu in 2024 agus 2025, gur feabhsaíodh na caighdeáin in 14 cinn de na hionaid idir cigireachtaí. Anuas air sin, dúnadh péire den (20) ionad de bharr saincheistanna a sainaithníodh le linn cigireachta.
- Nochtadh rótháille agus róthoilleadh i bpróiseas athnuachana conartha feabhsaithe. Thug an Roinn faoi deara amhail ó dheireadh Lúnasa 2025, gur shainaithin an fhoireann conartha seacht gcás inar gearradh an iomarca, a raibh suim dar luach €4.5 milliún san iomlán i gceist leis.² Tharla na ró-íocaíochtaí thar thréimhsí éagsúla, agus roinnt ag dul siar go dtí 2023. Comhaontaíodh pleananna forchúitimh maidir le cúig cinn de na cásanna, agus tá dhá chás ar feitheamh comhaontaithe.
- Comhaontaíodh pleananna forchúitimh freisin le soláthraí eile i ndáil le rótháille dar luach €557,600 arna sainaithint ag iniúchadh BedSpace, a chlúdaigh tréimhsí mhí na Samhna 2023 go mí na Samhna 2024 agus Eanáir go mí Iúil 2025. Tá forchúiteamh comhaontaithe freisin le soláthraí maidir le timpeall €69,000, don aistriú neamhcheadaithe ó lánlóistín go féinfhreastal, ag clúdach na tréimhse ó mhí na Samhna 2024 go mí an Mhárta 2025.

Rialuithe íocaíochta

10.50 Go ginearálta, tá íocaíochtaí le soláthraithe cóiríochta IP bunaithe ar infhaighteacht thuilleadh seomraí comhaontaithe na réadmhaoin. Ciallaíonn sé sin go n-íoctar an ráta ar conradh leis an soláthraí beag beann ar an bhfuil na seomraí ar conradh áitithe nó nach bhfuil.

10.51 Go hiondúil, íoctar soláthraithe mí roimh ré. Áirítear ar mhéideanna sonrascha ag soláthraithe an ráta seomra ar conradh, táillí as áititheoirí seomra breise agus táillí as seirbhísí coimhdeacha áirithe (e.g. nóchán, costais slándála.)³

10.52 Maidir leis na deich gconradh atá ar fáil le hathbhreithniú ag an bhfoireann imscrúdaithe

- bhí ocht gcinn bunaithe ar thuilleadh;
- bhí péire bunaithe ar mheascán de thuilleadh agus áitíocht – ráta seomra áitíochta aonair bunaithe ar thuilleadh, le táille bhreise as gach áititheoir breise.

10.53 Dúirt IPAS gur athraigh an margadh cóiríochta go suntasach le himeacht ama. I dtréimhsí ina bhfuil ganntanas géar, bhí se an-deacair cóiríocht a fháil ag rátaí fabhracha.⁴ Dá thoradh, i gcás ina raibh baol ann nach mbeadh dídean ar fáil do theaghlaigh go háirithe, chomhaontaigh sé do rátaí níos mó ná na meánrátaí do chóiríocht IPAS reatha.

1 Córas bainistíochta leapa leictreonach saincheaptha is ea BedSpace a úsáidtear chun cóiríocht a leithdháileadh ar iarratasóirí IP.

2 Baineann dhá chás le soláthraí amháin.

3 Is féidir seirbhísí coimhdeacha a shonrascadh ar leithligh sa mhí tar éis iad a chur ar fáil.

4 Ag buaicphointe na freagartha do ghéarchéim na hÚcráine, bhí dúshlán ar leith ag baint le cóiríocht ar leithligh a lorg ag an am céanna do thairbhíthe cosanta sealadaí agus d'iarratasóirí IP.

- 10.54** Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt go n-áirítear le conarthaí do sheirbhísí cóiríochta IP úsáid an fhoirgnimh agus seirbhísí coimhdeacha amhail bia, níoschán, slándáil agus iompar. Íoctar ráta 'in aghaidh an duine in aghaidh na hoíche' leis an soláthraí chun na seirbhísí sin a sholáthar. Dá thoradh, ní bhreathnaítear air ar an mbealach céanna leis an margadh cíosa príobháideach. Luaitear gur príomhchuspóir atá ann nach gcuireann sé isteach ar an margadh sin chun cóiríocht d'iaratasóirí IP a lorg/a fháil ar conradh.

Athbhreithniú ar íocaíochtaí

- 10.55** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar 40 íocaíocht a rinneadh in 2024 maidir leis na 20 réadmhaoin a sampláladh agus mheas siad
- go raibh easpa soiléireachta sna sonraí i roinnt sonrasc;
 - nárbh fhéidir toilleadh éilithe a réiteach i roinnt cásanna, mar nach raibh conarthaí ar fáil;
 - go raibh sé doiléir cé acu a rinne nó nach ndearna IPAS cros-seiceáil ar an áitíocht éilithe lena thaifid féin nó leis na cláir sheachtainiúla a chuir na soláthraithe isteach.
- 10.56** Ní áirítear seiceáil ar an seicliosta réamhíocaíochta a úsáideann IPAS lena fhíorú gur ghearr an soláthraí táille as an toilleadh, nó áitíocht i gcás ina bhfuil sí ar fáil, ceart.
- 10.57** Go sonrach, fuair an fhoireann imscrúdaithe an méid seo a leanas.
- Maidir le 14 (35%) de na híocaíochtaí, ní raibh an ráta sonrasctha soiléir ná ní fhéadfaí é a fhíorú mar nach raibh conarthaí sínithe ar fáil.
 - Bhí íocaíocht amháin bunaithe ar thoilleadh iomlán 97 cónaitheoir, cé gur 92 cónaithe a bhí sa toilleadh ar conradh, ag tabhairt le fios go raibh rótháille thart ar €11,600 ann do mhí Feabhra 2024.
 - Áiríodh táillí CBL ar cheithre íocaíocht arbh fhiú €884,000 san iomlán iad maidir le gné chóiríochta an tsonraisc, cé go bhfuil soláthar cóiríochta díolmhaithe ó CBL.
- 10.58** Bhí aisíocaíocht CBL díreach faoi €490,000 ar shonrasc amháin a scrúdaiodh, a glanadh in aghaidh an mhéid iomláin ar an sonrasc. Le linn na tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023, ghearr an soláthraí CBL go mícheart as cóiríocht éigeandála ar conradh i sé réadmhaoin, de luach €2.3 milliún san iomlán.¹ Tar éis soiléiriú gur gníomhaíocht dhíolmhaithe é soláthar cóiríochta éigeandála, rinne an grúpa soláthraí aisíocaíocht le IPAS in Aibreán 2024.² Ach bhí €1.8 milliún níos lú san aisíocaíocht ná an CBL iomlán iomarcach a ghearr an soláthraí.
- 10.59** Tar éis fiosrúcháin, suíodh gur ghearr an soláthraí iomarca ar IPAS as CBL de luach €7.4 milliún san iomlán (lena n-áirítear an €2.3 milliún a luadh thuas) a bhain le trí chlárú CBL éagsúla don tréimhse idir Márta 2022 agus an 31 Nollaig 2023. D'aisíoc an soláthraí méideanna de luach €1.5 milliún san iomlán go data. Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt go bhfuil aisghabháil an iomarca CBL a gearradh fós faoi athbhreithniú.

¹ Fuair an Roinn eolas faoin rótháille i mí na Nollag 2023.

² Fuair an soláthraí soiléiriú ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (Na Coimisinéirí Ioncaim) agus ón Roinn Airgeadais go bhfuil soláthar cóiríochta éigeandála saor ó CBL.

- 10.60** Ar leithligh, chinn an fhoireann imscrúdaithe gur áiríodh i dtoilleadh ar conradh i réadmhaoin amháin trí sheomra nach raibh in úsáid mar chóiríocht d'iarraitasóirí IP.¹ Bunaithe ar an ráta seomra laethúil d'áitíocht aonair de €169 don réadmhaoin, bhí ar a laghad €15,000 á róghearradh ar IPAS.
- 10.61** Dheimhnigh an Roinn Dlí agus Cirt toradh na foirne imscrúdaithe.² Dúirt sí go dtabharfar faoi imscrúdú fóiréinseach ar thuairisceáin chláir agus doiciméid tacaíochta an ionaid maidir leis an tréimhse ábhartha. Má fhaightear san imscrúdú nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann a bhailíochtaíonn infhaighteacht na seomraí, ríomhfar aisíocaíocht.
- 10.62** Dúirt an Roinn freisin, i gcomhthéacs 32,000 leaba, go bhfuil IPAS ag déanamh a ndíchill infhaighteacht na leapacha uile ar conradh; comhlíontacht le conarthaí; agus comhlíontacht le caighdeáin a chinntiú. Dúirt sí go bhfuiltear ag díriú go mór ar shaincheisteanna maidir le toilleadh agus bainistíocht leapacha agus an tseirbhís ag bogadh i dtreo samhail níos inbhuanaithe agus luach ar airgead chun dálaí glactha ábhartha a chur ar fáil.³

Socruithe hibrideacha

- 10.63** Tháinig socruithe hibrideacha chun cinn nuair a laghdaigh an t-éileamh ar chóiríocht do 'thairbhíthe cosanta sealadaí' (BOTPanna) na hÚcráine in 2024, rud a chruthaigh toilleadh i roinnt ionaid chóiríochta chun áiteanna a sholáthar d'iarraitasóirí IP. Ardaíonn soláthraithe sonraisc ar leithligh don chóiríocht IP agus BOTP a sholáthraítear sna hionaid chóiríochta sin. I rith 2024, bhí socruithe hibrideacha i bhfeidhm in 25 ionad cóiríochta.
- 10.64** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar shampla de na socruithe cóiríochta hibrideacha sin.⁴ Fuair siad amach
- nach raibh conarthaí sínithe leis na soláthraithe, a chlúdaigh IP ná BOTP i ndáil le 2024
 - nárbh fhéidir an toilleadh, agus/nó i gcás inarb infheidhme, an áitíocht, a éilíodh ar na sonraisc IP a dhearbhu le haon doiciméid tacaíochta
 - maidir le péire de na socruithe, nárbh fhéidir na rátaí seomra/leapa sonrasctha a dhearbhu le haon chineál comhaontaithe – sa chás eile, d'fhéadfaí an ráta a mheaitseáil le ríomhphost idir IPAS agus an soláthraí
 - nach raibh aon fhianaise ar sheiceáil ar bith ann a dheimhnigh nach raibh aon dúbláil idir na leapacha a éilíodh ar an sonrasc IP agus an sonrasc BOTP, maidir le gach ionad, chun aon ró-íocaíocht fhéideartha a sheachaint – ní seiceáil forordaithe é sin ar an seicliosta réamhíocaíochta a d'úsáid IPAS.

1 Sainaitníodh é sin le linn cuairt suímh chuig an réadmhaoin ag an bhfoireann imscrúdaithe.

2 Thug an Roinn faoi chigireacht ar an réadmhaoin inar deimhníodh toradh na foirne imscrúdaithe.

3 Tá soláthar dálaí glactha ábhartha sa Stát á rialú ag [IR 2030/2018 — Rialachán na gComhphobal Eorpach \(Dálaí Glactha\) 2018](#).

4 Bhí ceann de na socruithe hibrideacha mar chuid den sampla de 20 réadmhaoin.

- 10.65** Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt nach raibh seicliosta caighdeánach réamhíocaíochta a d'úsáid an Roinn Leanai, Míchumais agus Comhionannais curtha in oiriúint do cheanglais shonracha aon aonaid ar leith. Dá bhrí sin, ní raibh an líon leapacha a éilíodh i gcomhar íocaíochta – a bhí mar ábhar imní go príomha don rannóg IP agus a toilleadh a chur ar conradh – mar chuid dá seicliosta. Dúirt sí freisin gur áiríodh ar gach sonrasc a ceadaíodh, *inter alia*, dearbhú ón gceadaitheoir go raibh an íocaíocht in eagar le heisiúint.

10.66 Rinneadh ró-íocaíochtaí €310,000 san iomlán in 2024 i ndáil le péire de na hionaid hibrideacha shamplacha. Dheimhnigh IPAS gur aisíocadh na ró-íocaíochtaí ó shin.¹

10.67 Ó Mhárta 2025, bhí timpeall €1.3 milliún san iomlán i gceist le ró-íocaíochtaí féideartha a raibh eolas orthu faoi naoi socrú hibrideacha.² Dúirt IPAS gur aisíocadh na méideanna uile a ró-íocadh.³

Cáin Bhreisluacha (CBL)

10.68 Go ginearálta, tá soláthar cóiríochta éigeandála díolmhaithe ó CBL.⁴ Ach, meastar go bhfuil seirbhísí lónadóireachta ina soláthar ar leithligh chun críocha CBL agus go bhfuil siad faoi dhliteanas CBL ag an ráta iomchuí.⁵ I gcás ina bhfuil soláthar cóiríochta éigeandála agus seirbhísí lónadóireachta, ní mór go mbeadh an chomaoin iníochta cionroinnte idir an chóiríocht dhíolmhaithe agus an tseirbhís lónadóireachta inchánach.

10.69 I gcúig cinn den deich gconradh a bhí ar fáil le hathbhreithniú, luadh an ráta inmhuirir ar bhonn CBL san áireamh. Bhí an ráta inmhuirir sa chúig chonradh eile ar bhonn gan CBL san áireamh. Ní dhearnadh idirdhealú idir an táille chóiríochta agus an táille bhia i gceachtar cineál conartha.

10.70 Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt go n-éilíonn sí anois go ndéanfar seirbhísí lónadóireachta agus aon seirbhísí díolmhaithe a chionroinnt laistigh de gach sonrasc.

10.71 Ní féidir le IPAS CBL a thabhaítear a éileamh ar ais. É sin ráite, ní áirítear ina seicliosta réamhíocaíochta aon seiceáil chun cruinneas an ráta CBL agus an méid CBL a ghearrtar a dheimhniú. Dúirt IPAS gur faoin bpáirtí, a sheolann an sonrasc le maoirseacht iomchuí ó na Coimisinéirí Ioncaim, an ráta CBL ceart a chur i bhfeidhm.

1 Rinneadh agus aisghabhadh na ró-íocaíochtaí trí Vóta 40.

2 Áirítear sa mhéid sin na ró-íocaíochtaí €310,000 maidir leis an dá ionad hibrideacha shamplacha.

3 Féach Vóta 40 Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige 2024 ag www.audit.gov.ie.

4 Ionas go measfar cóiríocht éigeandála mar sholáthar díolmhaithe, níor cheart go mbeadh sé oscailte don phobal.

5 Leagtar amach i [dTreoraíocht na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cóiríocht éigeandála agus seirbhísí coimhdeacha](#) na ceanglais CBL maidir le seirbhísí lónadóireachta. Ba 13.5% an ráta infheidhme in 2024.

6 Ceanglaítear sa seicliosta réamhíocaíochta go bhfuil an deimhniú um imréiteach cánach dátaithe laistigh de 30 lá ón dáta íocaíochta.

Seiceálacha Roinne réamhíocaíochta

Coinníoll um imréiteach cánach

10.72 Sula ndéanfar íocaíochtaí, déantar seiceálacha lena chinntiú go bhfuil deimhniú um imréiteach cánach bailí ag soláthraithe cóiríochta.⁶ Bhí deimhnithe um imréiteach cánach ar fáil maidir leis na 40 íocaíocht a bhain leis na 20 réadmhaoin sampláilte.

Áitíocht cóiríochta

10.73 Mar gheall go bhfaightear formhór na cóiríochta IP ar bhonn toillte (nó infhaighteachta), cinntítear go bhfaightear luach iomlán ar airgead as an gcaiteachas a thabhaítear trí áitíocht na cóiríochta ar conradh a uasmhéadú.

10.74 Coinníonn IPAS scarbhileog um bainistíocht leapacha agus comhlíontacht i ndáil le leithdháileadh cóiríochta d'iarratasóirí IP agus bainistíocht a stoc cóiríochta atá ar fáil.

- 10.75** Tugtar an scarbhileog cothrom le dáta go seachtainiúil chun an líon leapacha folmha a ghabháil ag úsáid na gclár áitíochta seachtainiúil a sheolann soláthraithe chuig IPAS.¹ Fiosraíonn IPAS le glao gutháin i gcás ina dteipeann ar sholáthraithe an clár seachtainiúil a sheoladh isteach.²
- 10.76** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar scarbhileog IPAS amhail an 24 Meitheamh 2025. Ba é 78.5% an mheánáitíocht maidir le 19 den 20 réadmhaoín a sampláadh.³ Tugadh 1,636 leaba fholmha le fios sa scarbhileog sna 19 réadmhaoín. Ach, sainaithníodh trí ghlaonna fiosrúcháin a rinne IPAS leis na soláthraithe cóiríochta go raibh 1,268 leaba ann san iomlán – 22% níos lú ná an líon a thaifead IPAS.
- 10.77** Dúirt IPAS go bhféadfadh seomraí saora de réir a scarbhileoige bheith éagsúil le seomraí saora iarbhír ar roinnt cúiseanna. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh ar an soláthraí seomra a athchóiriú, agus nach mbeadh sé ar fáil go sealadach dá bharr, nó d'fhéadfadh teaghlach a bheith i seomra níos mó ná a theastaíonn uathu. Áirítear ar chúiseanna eile a thug IPAS maidir le ganntanas spásanna leapa oibreacha tógála/uasghrádaithe agus breithnithe leasa cónaitheoirí.
- 10.78** Moltar leis an dea-chleachtas maolaire timpeall 15% de leapacha atá ar fáil a úsáid.⁴ Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar leibhéil áitíochta le linn cuairteanna suímh in 2025 i seacht réadmhaoín a sampláadh (féach Fíor 10.7). Sainaithníodh 589 leaba saor san iomlán – ar ionann é agus meánráta folúntais 24%. Ach, laghdaíonn an ráta sin go 11% nuair a fhágtar an dá ionad glactha agus scaipthe ar lár ón sampla.⁵ B'ionann an meánráta folúntais don dá ionad sin agus 39%.
- 10.79** Den 589 leaba fholamh ar fud seacht n-ionad, thug an Roinn Dlí agus Cirt faoi deara nach raibh ach 60 de na leapacha sin nach raibh ar fáil le húsáid tráth na gcuairteanna. Luaigh sé go ndéanann cúiseanna amhail cumraíocht seomra, cothabháil, amanna réitithe nó leapacha a bheith coinnithe d'áirithintí amach anseo difear d'infhaighteacht seomra tráth ar bith.

1 Taifeadtar mionsonraí na n-áititheoirí i ngach seomra ar conradh ar an gclár maidir le gach ionad cóiríochta.

2 Níor rianaíodh an ráta comhlíontachta maidir leis an gclár a chur isteach in 2024.

3 Cuireadh deireadh leis an gconradh don réadmhaoín eile i Meitheamh 2025.

4 [The Organisation of Reception Facilities for Asylum Seekers in different Member States](#) — Staidéar Ghréasán Imirce na hEorpa 2014.

5 Is é cuspóir na n-ionad sin cóiríocht ghearrthearma shealadach a chur ar fáil d'iaratasóirí IP – cúpla lá go hiondúil – fad is a shainaithnítear cóiríocht oiriúnach níos fadtéarmaí.

Fíor 10.7 Athbhreithniú ar leibhéal áitíochta ag seacht réadmhaoin shamplacha, Bealtaine agus Meitheamh 2025

	Cineál cóiríochta	Toilleadh ^a	Áitíocht amhail dáta na cuairte suímh	Toilleadh leapacha gan úsáid	Ráta áitíochta	Dáta na cuairte suímh
1	Mol iompair	650	330	320	51%	22 Bealtaine
2	Eile	149	135	14	91%	27 Bealtaine
3	Óstán	500	370	130	74%	29 Bealtaine
4	Óstán	842	780	62	93%	30 Bealtaine
5	Árasáin	98	87	11	89%	3 Meitheamh
6	Óstán	80	71	9	89%	4 Meitheamh
7	Óstán	144	101	43	70%	5 Meitheamh
Iomlán		2,463	1,874	589	76%	
Iomlán gan ionaid ghlactha agus scaipthe san áireamh ^b		1,313	1,174	139	89%	
Iomlán maidir le hionaid ghlactha agus scaipthe amháin		1,150	700	450	61%	

Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Cuairteanna suímh agus anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

- a Léiríonn sé an toilleadh de réir chonradh 2024 nó an acmhainneacht mar a dheimhnigh an t-oibreoir.
- b Aicmítear ionad uimh.1 agus uimh.3 mar ionaid ghlactha agus scaipthe.

- 10.80** Dúirt an Roinn freisin go bhfuil coinne leis go mbeidh tréchur ard agus infhaighteacht ard in ionaid ghlactha agus scaipthe ar aon lá faoi leith. Éascaítear leis sin borradh agus/nó grúpaí iarratasóra óna dteastaíonn cumraíochtaí ar leith a mheas agus cóiríocht a shainiú go hoptamach. Níl ionaid den sórt sin deartha le feidhmiú ag uastoilleadh ná gar de sin, mar gheall ar níos mó ná 1,000 duine bheith ag teacht gach mí in 2025.
- 10.81** Dúirt an Roinn freisin gur comhartha é go bhfuil an córas cóiríochta ag pointe criticiúil agus nach bhfuil sé in ann freastal orthu siúd uile a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar IP nuair a bhíonn na hionaid sin gar d'uastoilleadh. Deirtear go bhfuil toilleadh dinimiciúil ríthábhachtach, agus go bhfuil na hionaid sin deartha chun freastal ar líon athraitheach daoine ag teacht agus bearta teagmhasacha seasaimh a éascú, nuair is gá.

Faisnéis phearsanta – cláir sheachtainiúla

- 10.82** Cuirtear freagracht sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ar eagraíochtaí chun na sonraí pearsanta a choinníonn siad a chosaint. Is féidir fíneálacha suntasacha a fhorchur ar chomhlachtaí a sháraíonn a bhforálacha. Is féidir le sárúithe tromchúiseacha damáiste a dhéanamh de cháil freisin agus d'fhéadfadh go mbeadh gníomhaíochtaí feabhsúcháin costasacha i gceist.
- 10.83** Thug an fhoireann imscrúdaithe faoi deara le linn cuairteanna suímh go raibh go leor faisnéis phearsanta ar na cláir a choinníonn soláthraithe cóiríochta. Ceanglaítear ar sholáthraithe na cláir a sheoladh trí ríomhphost chuig IPAS go seachtainiúil. Tá baol ann go bhféadfaí ríomhphoist den sórt sin a idirghabháil nó a sheoladh chuig duine mícheart de bharr earráid dhaonna.
- 10.84** Áirítear forálacha maidir le cosaint agus slándáil sonraí i gconarthaí le soláthraithe cóiríochta. Teastaíonn bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí le cosaint in aghaidh próiseáil neamhúdaráithe nó mhídhleathach sonraí pearsanta agus in aghaidh chailteanas nó scriosadh na sonraí trí thimpiste.

Comhaontú soláthair seirbhíse

- 10.85** I gcás ina bhfuil conarthaí i bhfeidhm, ceadáítear le téarmaí conarthacha do IPAS idir 10% agus 20% de na méideanna sonrasctha a choinneáil siar, mura bhfuil sé sásta leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil. Dúirt IPAS, i gcleachtas, go gcoinnítear siar 100% de shonrasc i gcás ina dtagann aon cheisteanna comhlíontachta ná sonrasctha aníos. Dúirt sé go gcoinníonn sé 'liosta faire' de sholáthraithe cóiríochta ina bhfuil 'coinneáil' ar íocaíochtaí.

Cigireachtaí ar ionaid chóiríochta

- 10.86** Déanann foireann IPAS agus gnólachtaí seachtracha thar ceann IPAS cigireachtaí ar chóiríocht ar conradh – cigireacht fhógartha agus gan fógra araon. Úsáidtear foirm thuairiscithe cigireachta chaighdeánach, bunaithe ar na caighdeáin chóiríochta náisiúnta agus oibleagáidí conarthacha conraitheoirí, lena chinntiú go mbeidh seiceálacha cigireachta comhsheasmhach. Áirítear ar na seiceálacha sin athbhreithniú ar shábháilteacht dóiteáin; dálaí maireachtála; sábháilteacht struchtúrach; agus comhlíontacht le teorainneacha áitíochta.
- 10.87** Dhréachtaigh IPAS nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha chun comhsheasmhacht, cruinneas agus amlínte a chinntiú i ndoiciméid agus cumarsáid torthaí cigireachta ag tús 2025. Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt gur tugadh na nósanna imeachta sin cothrom le dáta ó ghlac sí freagracht ar IPAS.

Ráta cigireachta

- 10.88** Roimh 2024, rinneadh cigireachtaí ar ionaid chóiríochta IP ar bhonn *ad hoc*, go príomha mar fhreagairt ar ghearáin chónaitheoirí, breithnithe ó chlinicí faisnéise arna reáchtáil ag IPAS nó iarratais IPAS inmheánacha (féach Fíor 10.8).

Fíor 10.8 Cigireachtaí ar ionaid chóiríochta, 2022 – 2024

Ionaid a ndearnadh cigireacht orthu	2022	2023	2024
Cigireachtaí IPAS	2	45	244 ^a
Cigireachtaí seachtracha	86	3	56 ^b
Iomlán na gcigireachtaí	88^c	48	300^d
Líon na n-ionad cóiríochta	154	258	326
Clúdach cigireachta	33%^e	19%	82%^f

- Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Nótaí:
- a Áirítear leis 30 cigireacht réamháitíochta.
 - b Áirítear leis ceithre chigireacht réamháitíochta.
 - c Rinneadh cigireacht ar 37 ionad faoi dhó.
 - d Rinne IPAS cigireacht ar 23 ionad faoi dhó agus rinne gnólacht(aí) seachtrach(a) cigireacht ar sé ionad faoi dhó. Rinneadh cigireacht ar cheithre ionad eile faoi dhó freisin – uair amháin ag IPAS agus uair amháin ag an ngnólacht(aí) seachtrach(a).
 - e Tá sé sin bunaithe ar 51 chigireacht (88 lúide na cinn a ndearnadh cigireacht orthu faoi dhó [37]).
 - f Tá sé sin bunaithe ar 267 cigireacht (300 lúide na cinn a ndearnadh cigireacht orthu faoi dhó [33]).

- 10.89** I Meán Fómhair 2024, thug IPAS isteach rianaire cigireachtaí lárnach. Tugann an rianaire seo léargas foriomlán ar chigireachtaí arna ndéanamh agus an spreagadh bainteach i ndáil le cigireacht i.e. réamhchigireacht, gnáthchigireacht, saincheisteanna comhlíontachta.
- 10.90** Ionchorpraítear cuir chuige ghnáthaimh agus rioscabhunaithe i modheolaíocht cigireachtaí IPAS. Dúirt sé go sceidealaítear cigireachtaí a dhéanann soláthraithe seachtracha ar bhonn ráithiúil, agus braitheann cigireachtaí a dhéanann foireann IPAS ar na hacmhainní atá ar fáil agus na rioscaí a shainaithnítear. Tugtar tús áite do shaincheisteanna comhlíontachta tromchúiseacha, athnuachan conartha agus gnáthchigireachtaí.
- 10.91** Níor bhain IPAS a sprioc 2024 amach maidir le cigireacht a dhéanamh ar gach réadmhaoin tráchtála faoi dhó. Saincheisteanna acmhainní ba chúis leis sin chomh maith le méadú bliain ar bhliain de 26% sa líon iomlán ionad. Dúirt IPAS, in 2025, go bhfuil sé bogtha chuig próiseas cigireachta níos bunaithe ar chomhlíontacht a fhreagraíonn do riosca seachas an líon cigireachtaí in aghaidh an ionaid.

Iarchigireacht

- 10.92** Dúirt IPAS, i gcás ina sainaithnítear i gcigireacht réimse neamhchomhlíontachta páirteach nó iomlán in ionad cóiríochta, go gcomhaontaítear plean comhlíontachta saincheaptha. Leagtar amach sa phlean sin bearta sonracha faoi cheangal ama a theastaíonn chun comhlíontacht iomlán leis an gconradh a chinntiú. Dúirt IPAS freisin go bhfeictear feabhsúchán leanúnach i gcomhlíontacht tríd an bpróiseas sin.

Tuarascálacha cigireachta arna n-athbhreithniú ag an bhfoireann imscrúdaithe

10.93 Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar thuarascálacha maidir le 18 den 20 réadmhaoin sampláilte – bhain 16 díobh le 2024 agus bhain péire le 2025.^{1,2} Áiríodh ar na príomhthorthaí a sainaithníodh sna tuarascálacha³

- trealamh leictreach míchuí i seomraí (aerfhriochtóir, cuisneoir, téitheoir);
- fianaise ar mhúscán nó taise i seomraí;
- cigireachtaí dóiteáin thar téarma; ní dhearnadh taifeadadh leordhóthanach ar dhruileanna tine; ní raibh fáil ar fhianaise um oiliúint sábháilteachta dóiteáin ag an bhfoireann;
- stóráil mhíchuí bia;
- ní raibh fáil ar dhífhibrileoirí;
- cigireacht ar shoilsiú éigeandála thar téarma, trealamh leictreach briste.

Níor tugadh rátáil riosca maidir leis na torthaí laistigh de na tuarascálacha.

10.94 Ní raibh aon fhianaise, bunaithe ar athbhreithniú ar shaincheisteannta i dtrí cinn de na hionaid, go ndearna IPAS iarmheasúnú go gníomhach lena chinntiú go réiteofaí go pras na saincheisteannta a sainaithníodh. Ach, rinneadh athbhreithniú arís ar na trí ionad laistigh d'ocht mí. Níor cuireadh aon phionós airgeadais i bhfeidhm sna cásanna sin.

Monatóireacht HIQA ar ionaid IPAS

10.95 I mí Eanáir 2024, ghlac an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) leis an bhfeidhm mhonatóireachta agus chigireachta ar ionaid IPAS sainithe áirithe in aghaidh na gcaighdeán náisiúnta maidir le cóiríocht.^{4,5}

10.96 I Márta 2025, d'fhoilsigh HIQA a chéad tuarascáil maidir le monatóireacht ar ionaid chóiríochta IPAS.⁶ Áiríodh sonraí maidir leis an méid seo a leanas i bpríomhthorthaí na tuarascála, maidir leis na hionaid a ndearnadh cigireacht orthu in 2024

- an líon cónaitheoirí le stádas cosanta a bhí fós ina gcónaí in ionaid chóiríochta mar gheall ar easpa cóiríochta malartaí;
- an líon cónaitheoirí in ionaid atá ag fanacht i bpubaill;
- ábhair imní maidir leis na nósanna imeachta um bainistíocht riosca sna hionaid;
- gan an oiread eolais a bheith ag ionaid maidir lena bhfreagrachtaí chun daoine fásta a choimirciú/chosaint ná mar atá acu i dtaobh leanaí a choimirciú; agus níl beartais agus nósanna imeachta ag roinnt ionad chun cónaitheoirí a chosaint ó dhochar agus mí-úsáid;
- an líon foirne in ionaid nach raibh grinnfhiosrúchán iomchuí acu ón nGarda Síochána.

1 Ní raibh tuarascálacha cigireachta ar fáil maidir le dhá réadmhaoin. Oibríonn IPAS ceann amháin acu go díreach, agus cuireadh deireadh leis an gconradh maidir leis an dara réadmhaoin i Meitheamh 2025.

2 Ní raibh an dá réadmhaoin a ndearnadh cigireacht orthu in 2025 faoi réir cigireachta in 2023 ná 2024.

3 Baineann na torthaí atá liostaithe le 14 ionad. Sainaithníodh níos mó ná saincheist amháin i roinnt ionad.

4 Comhlacht reachtúil neamhspleách is ea HIQA a bunaíodh chun sábháilteacht agus cáilíocht a chur chun cinn i soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta chun tairbhe shláinte agus leas an phobail.

5 Tá an tAire Dlí agus Cirt freagrach faoi [Rialachán na gComhphobal Eorpach \(Dálaí Glactha\) \(Leasú\) 2023](#) chun na háitribh a thagann faoi shainchúram HIQA a shainiú. Is iad na hionaid atá faoi réir chigireacht HIQA na cinn a oibrítear ó áitribh faoi úinéireacht Stáit agus na cinn a thaghtear go hiomaíoch.

6 [Faireachán ar Ionaid Seirbhíse Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta](#).

- 10.97** Dúirt IPAS, tar éis cigireacht HIQA ar ionad cóiríochta, go gcomhaontaítear plean comhlíontachta saincheaptha idir HIQA agus an soláthraí seirbhíse. Oibríonn foireann chomhlíontachta IPAS leis na soláthraithe seirbhíse maidir le gach ionad a ndéanann HIQA cigireacht orthu chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar chur i gcrích gníomhaíochtaí comhaontaithe. Dúirt IPAS freisin go bhféadfaí an fhaisnéis i dtuarascálacha HIQA a úsáid chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht bheartais agus oibríochtúil.

Sásraí um ghearáin ó chónaitheoirí

- 10.98** Áirítear ar na sásraí um ghearáin atá ar fáil do chónaitheoirí gearáin a dhéanamh go díreach leis an lucht bainistíochta ag an réadmhaoin nó teagmháil a dhéanamh le deasc chabhrach IPAS. Oibríonn foireann seirbhíse do chustaiméirí IPAS clinicí comhairleacha freisin in ionaid chóiríochta. Reáchtáladh 129 clinic seirbhíse do chustaiméirí in 2024.¹ Tugtar deis leo sin do chónaitheoirí saincheisteanna agus gearáin a ardú duine le duine. Is féidir le gearánaithe nach bhfuil sásta leis an toradh teagmháil a dhéanamh leis an Ombudsman.
- 10.99** In 2024, fuair IPAS 581 gearán ó chónaitheoirí IP. Bhain 30% díobh sin le hiompar nó gníomhaíochtaí lucht bainistíochta nó fhoireann an ionaid (lena n-áirítear foireann slándála); bhain 20% le hiompar cónaitheoirí eile. Rinneadh 21 gearán leis an Ombudsman maidir le cóiríocht a chuir IPAS ar fáil in 2024.

Conclúidí agus moltaí

- 10.100** Mar gheall ar mhéadú tapa ar an líon iarratasóirí IP ó 2022 tá brú suntasach ar acmhainneacht an Stáit freagairt le cinntí tráthúla ar iarratais agus cóiríocht agus tacaíochtaí eile a chur ar fáil d'iarratasóirí IP. D'éirigh an brú sin níos measa fós nuair arbh éigean cóiríocht a fháil do líon suntasach daoine ón Úcráin in 2022 agus 2023 ar bhonn éigeandála. É sin ráite, leis an mbrú laghdaithe ar an Stát chun cóiríocht a chur ar fáil d'Úcránaigh in 2024 agus 2025, bhí IPAS ábalta céimeanna a ghlacadh chun an líonra cóiríochta a úsáideann sé a chuíchóiriú agus a rialuithe a fhorbairt ar an gcaiteachas gaolmhar.
- 10.101** Cé go n-oibríonn an Stát roinnt ionaid chóiríochta IP ar conradh, mar gheall ar an bplódú isteach d'iarratasóirí IP le blianta beaga anuas tá éileamh i bhfad níos mó ar chóiríocht ná mar atá ar fáil. Dá bharr sin, b'éigean do IPAS go leor cóiríocht bhreis a fháil ar bhonn éigeandála. Ag deireadh 2024, bhí timpeall trí cheathrú de na hiarratasóirí IP uile ar theastaigh cóiríocht uathu ina gcónaí i 269 láthair cóiríochta éigeandála.
- 10.102** In 2024, rinne IPAS fócaíochtaí timpeall €978 milliún le soláthraithe tráchtála as cóiríocht éigeandála agus seirbhísí gaolmhara.

Dícheall cuí réamhchonartha

- 10.103** Shonraigh IPAS critéir áirithe a deir sé is gá do sholáthraithe féideartha réadmhaoine tráchtála a chomhlíonadh ionas go mbreithneofaí tairiscint ar chóiríocht. Dearbhaíonn soláthraithe féideartha cóiríochta na critéir sin i ndoiciméad tairisceana réadmhaoine féindearbhaithe.

¹ In 2025, tugadh faoi díreach faoi bhun 100 clinic go deireadh Lúnasa.

10.104 In athbhreithniú na foirne imscrúdaithe ar na doiciméid a cuireadh ar fáil maidir le 20 réadmhaoín shamplach go raibh taifid um dhícheall cuí réamhchonartha IPAS i ndáil leis na critéir sin neamhiomlán.

- Ní raibh teastais árachais ar fáil ach maidir le 40% de na réadmhaoine agus ní raibh deimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán iomchuí a chlúdaíonn na réadmhaoine beartaithe ar fáil ach maidir 45% de réadmhaoine. Níor thaispeáin ceann ar bith de na deimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán an leibhéal áitíochta beartaithe don réadmhaoín.
- Níor cuireadh fianaise úinéireachta na réadmhaoine/cóip de chomhaontú léasa ar fáil ach do cheann amháin (5%) de na réadmhaoine.
- Ní raibh fianaise maidir le cead pleanála iomlán chun an réadmhaoine a úsáid mar chóiríocht IP, nó deimhniú ar fhorbairt díolmhaithe, ar fáil ach maidir le 20% de na réadmhaoine.
- Ní dhearnadh cigireachtaí réamhchonartha ar na réadmhaoine ach le haghaidh péire de na réadmhaoine (10%).

Ghlac IPAS céimeanna ó shin chun na doiciméid a choinníonn na réadmhaoine samplacha a fheabhsú.

Moladh 10.1

Ba cheart doiciméid um dhícheall cuí iomlán a choinneáil maidir le gach réadmhaoín mar fhianaise ar sheiceálacha a rinneadh. Ba cheart seicliosta iomlán um dhícheall cuí, arna shíniú ag an mball foirne IPAS ábhartha, a cheangal leis na doiciméid.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

Aontaíonn

Tugadh isteach seicliostaí doiciméad iomlána um dhícheall cuí agus léirítear iad i scarbhileog fhoriomlán 'tairiscintí cóiríochta' lena chinntiú go bhfuil na doiciméid uile faighte agus taifeadta.

Socraíodh rochtain ar bhunachar sonraí na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, chun tacú le fíorú na sonraí.

Úsáideann an Roinn seirbhís mhapála Thailte Éireann anois chun cuidiú le fíorú sonraí mapála agus fóilió. Forbraíodh seicliosta fíoraithe lena léiriú go ndearnadh seiceálacha mar a mholtar.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Curtha chun hfeidhme, R3 2025.

10.105 Ní shíneann próisis réamhchonartha IPAS chuig cobhsaíocht airgeadais an tsoláthraí cóiríochta beartaithe a sheiceáil.

10.106 I Márta 2024, leasaigh IPAS teimpléad a chonartha do sholáthraithe cóiríochta IP. Ní mór do sholáthraithe anois dearbhú a shíniú, i láthair Coimisinéir Mionnaí nó aturnae cleachtach, maidir lena gcúinsí pearsanta. Ó mhí Aibreáin 2025, ceanglaítear ar sholáthraithe freisin dearbhú sínithe a sheoladh isteach nach bhfuair siad aon ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'iomaíochas sa mhargadh aonair.

- 10.107** Neartaigh na dearbhuithe sin seasamh IPAS i gcúinsí ina bhféadfadh sé iarracht a dhéanamh conradh a fhoirceannadh má fhaigheann sé amach gur tugadh faisnéis mhíthreorach nó mhíchruinn de.

Monatóireacht ar fheidhmíocht conartha

- 10.108** Ní raibh conarthaí sínithe maidir le 2024 ar fáil maidir le leath de na 20 réadmhaoín shampláilte le linn an imscrúdaithe. Mar gheall nach bhfuil conarthaí sínithe ar fáil cuirtear bac ar fhorfheidhmiú conartha agus monatóireacht comhlíontachta conartha éifeachtach. Tá riosca níos mó ann freisin go bhféadfadh íocaíochtaí míchearta tarlú agus go bhféadfaí bac a chur ar aon díospóidí féideartha maidir le nithe inseachadta conartha.

Moladh 10.2

Ba cheart do IPAS a chinntiú go mbeidh conarthaí sínithe mar bhuntaca le gach socrú a fheidhmíonn sé maidir le soláthar cóiríochta d'iaratasóirí IP. Ba cheart d'oifigeach IPAS údaraithe agus an soláthraí cóiríochta gach conradh a shíniú. Ba cheart do IPAS cóipeanna sínithe a choinneáil de gach conradh.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta sa Roinn Díl agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

Aontaíonn

Tá conarthaí sínithe anois ag formhór na réadmhaoine atá in úsáid ag IPAS agus stóráiltear na conarthaí sin go lárnach ar bhunachar sonraí comhroinnte. Bunaíodh foireann thiomanta athnuachana conarthaí in R3 2024.

Bunaíodh struchtúir nua fillteáin agus gnás ainmnithe doiciméad i gcóras comhdaithe leictreonach na Roinne (eDocs) ionas go mbeidh sé níos éasca conarthaí aonair a chuardach agus teacht orthu. Áirítear ar aistriú gach conartha (ón bhfoireann soláthair cóiríochta chuig an bhfoireann bainistíochta conartha) nasc chuig córas doiciméad leictreonach, ag fíorú gur comhdaíodh an doiciméad go hiomchuí.

Seoltar isteach gach conradh tríd an gcóras eSubmissions lena cheadú/chomhshíniú. Téann conarthaí trí shraith athbhreithnithe (ag tosú ag leibhéal Oifigeach Riaracháin/Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin) lena fhíorú go bhfuil siad sínithe/túslitreacha leo mar is ceart sula seolfar chuig an oifigeach/cinnteoir cuí iad.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Curtha chun feidhme, R3 2025.

Rialuithe íocaíochta

- 10.109** Go ginearálta, bíonn íocaíochtaí le soláthraithe cóiríochta IP bunaithe ar infhaighteacht thoilleadh comhaontaithe na réadmhaoine, gan beann ar an leibhéal áitíochta. Dá bharr sin, tá riosca maidir le luach ar airgead má bhíonn leibhéal áitíochta íseal nó athraitheach. Bhí ocht gcinn den deich gconradh ar fáil le hathbhreithniú bunaithe ar thoilleadh amháin.

- 10.110** I lár mhí an Mheithimh 2025, bhain timpeall 90% de na saincheisteanna le rátáil ard i rianaire comhlíontachta IPAS le 'leapacha nach bhfuil ar fáil'. Ba cheart go dtabharfadh córas bainistíochta spás leapacha a tugadh isteach in 2025 sonraí níos iontaofa ar infhaighteacht leapacha agus cabhrú le lucht bainistíochta spásanna leapacha ar conradh. Áirítear ar thosca a dhéanann difear d'infhaighteacht leapacha athchóirithe, athchumraíochtaí seomra, oibreacha tógála agus breithnithe leasa cónaitheora.
- 10.111** Níorbh fhéidir an ráta sonrasctha a fhíorú i gcás níos mó ná aon trian den 40 íocaíocht shamplach a ndearna athbhreithniú orthu mar gheall nach raibh teacht ar chonarthaí sínithe. Maidir le réadmhaoin amháin, bhí an toilleadh níos mó ná an toilleadh ar conradh, rud a thug le fios ró-íocaíocht fhéideartha €11,600 don mhí a scrúdaíodh. Sainithníodh i gcuairt suímh chuig réadmhaoin eile go raibh timpeall €15,000 á ghearradh ar IPAS in aghaidh na míosa as trí sheomra ar conradh nach raibh ar fáil chun críocha cóiríochta. Ó shin, thug an Roinn Dlí agus Cirt faoi chigireacht ar an réadmhaoin sin, agus tá imscrúdú fóiréinseach ar na doiciméid ábhartha beartaithe le bheith mar bhuntaca faoi aon aisíocaíocht fhéideartha.
- 10.112** Maidir leis na sonraisc shampláilte a athbhreithníodh, níor léir ó na taifid a coinníodh go ndearna IPAS cros-seiceáil ar thoilleadh nó áitíocht éilithe an tsoláthraí cóiríochta lena thaifid féin nó leis na cláir áitíochta sheachtainiúla.
- 10.113** Thug taifid IPAS le fios meánráta áitíochta do na réadmhaoin sampláilte de thimpeall 78.5% amhail an 24 Meitheamh 2025, ag tabhairt le fios go raibh 1,636 leaba folamh. Sainithníodh i nglanna iarchúraim ó IPAS chuig soláthraithe cóiríochta, áfach, nach raibh 368 (22%) de na leapacha a taifeadadh mar a bheith folamh ar fáil lena n-úsáid. Mar gheall go mbunaítear íocaíochtaí go ginearálta ar infhaighteacht leapacha, tugann sé seo le fios go bhféadfadh ró-íocaíocht shuntasach a bheith ag tarlú, agus go bhfuil an fhéidearthacht ann go ndéanfaí coigilteas má dhéantar dlúthmhonatóireacht ar rátaí áitíochta agus infhaighteachta a mhonatóiriú.
- 10.114** Go ginearálta, tá soláthar cóiríochta éigeandála díolmhaithe ó CBL. Mar sin féin, meastar go bhfuil seirbhísí lónadóireachta ina soláthar ar leithligh agus go bhfuil siad faoi dhliteanas CBL ag an ráta iomchuí (13.5%). I gcúig cinn den deich gconradh a bhí ar fáil le hathbhreithniú, shínigh IPAS conarthaí le CBL san áireamh sna rátaí gan aon idirdhealú idir an táille chóiríochta agus an táille bhia.
- 10.115** Níor sheiceáil IPAS go rialta gur áiríodh an CBL ceart ar mhéideanna sonrasctha. I mí na Nollag 2023, áfach, fuair sé eolas gur ghearr soláthraí roinnt réadmhaoin CBL go míchuí air de luach €7.4 milliún san iomlán faoi thrí uimhir chlárúcháin. Áiríodh aisíocaíochtaí CBL ar shonraisc ina dhiaidh sin de luach €1.5 milliún as na méideanna róghearrtha roimhe sin. Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt go bhfuil aisghabháil iarmhéid an mhéid ar gearradh an iomarca air fós faoi athbhreithniú.
- 10.116** Ó mhí an Mhárta 2025, bhí ró-íocaíochtaí eile timpeall €1.3 milliún sainaitheanta ag an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais faoi naoi socrú hibrídeacha. Aisíocadh na ró-íocaíochtaí sin uile ó shin.

10.117 Ar leithligh, faoi dheireadh Lúnasa 2025, shainaithint IPAS ró-íocaíochtaí eile, de luach €5.1 milliún ó neamhchomhlíontachtaí conartha i dtimpeall deich gcás. Tharla na ró-íocaíochtaí sin le linn tréimhsí éagsúla idir 2023 agus Iúil 2025. Comhaontaíodh pleananna aisíocaíochta maidir le formhór na gcásanna, agus tá dhá chás ar feiteamh comhaontaithe.

Moladh 10.3

Ba cheart don IPAS

- rialú breise a thabhairt isteach lena sheiceáil go dtagann an toilleadh a éilíodh atá ar fáil leis an toilleadh ar conradh agus go dtugann an áitíocht éilíthe, i gcás inar ábhartha, leis na cláir áitíochta sheachtainiúla a chuireann soláthraithe ar fáil.
- seiceáil rialaithe bhreise a thabhairt isteach, sa seicliosta réamhíocaíochta, lena dheimhniú, más ábhartha, nach ngearrtar CBL ach ar sheirbhísí bia a sholáthraítear agus ní ar an táille chóiríochta.
- a dheimhniú maidir le comhaontuithe hibrídeacha, mar chuid den seicliosta réamhíocaíochta, nach bhfuil aon fhorluí idir na leapacha a éilítear chun críocha IP agus leapacha a éilítear chun críocha BOTP.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

Aontaíonn

Tugadh bearta rialaithe breise isteach tar éis córas bainistíochta leapacha BedSpace a chur i bhfeidhm i mí Feabhra 2025. Tá foireann thiomanta freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar infhaighteacht leapacha in aghaidh toilleadh ar conradh le cosáin ghéaraithe trí bhainistíocht conartha, i gcás inar gá.

Ní ghlactar le sonraisc as soláthar cóiríochta a thuilleadh mura n-áirítear ráta, áitíocht agus líon laethanta iontu. Éascaítear leis sin a sheiceáil go gcomhaontaíonn toilleadh/áitíocht éilíthe leis an toilleadh/áitíocht ar conradh agus leis na cláir i gcás inar ábhartha.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn lena chinntiú gur féidir toilleadh/áitíocht a sheiceáil go cruinn agus go comhsheasmhach. Tá nós imeachta oibriúcháin breise do cheadaitheoirí íocaíochta curtha i gcrích a chuirfear i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2025.

I gcás ina n-ardaítear saincheist CBL ar shonrasc, fiosraítear é sin, agus moltar don soláthraí an chóireáil CBL a dheimhniú leis na Coimisinéirí Ioncaim, de réir mar is cuí.

Cuireadh seiceáil leis an nós imeachta oibriúcháin don cheadaitheoir lena chinntiú go ndéantar cros-seiceáil ar leapacha IP éilíthe le leapacha BOTP faoi chomhaontuithe hibrídeacha.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Meán Fómhair 2025 chun an nós imeachta oibriúcháin do cheadaitheoirí íocaíochta a chur chun feidhme.

- 10.118** Cuirtear freagracht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ar eagraíochtaí chun na sonraí pearsanta a choinníonn siad a chosaint. Seolann soláthraithe cláir ina bhfuil sonraí pearsanta maidir le hiarratasóirí IP in ionaid chóiríochta, trí ríomhphost, chuig IPAS ar bhonn seachtainiúil. Tá baol suntasach ann go bhféadfadh drochghníomhairí ríomhphoist den sórt sin a idirceapadh nó go bhféadfaí iad a sheoladh chuig duine mícheart de bharr earráid dhaonna.

Moladh 10.4

Ba cheart don IPAS machnamh a dhéanamh an gá na sonraí pearsanta uile a áirítear ar na cláir IP a tharchur chuige ar bhonn seachtainiúil. Ba cheart don IPAS freisin modh níos sláine a thabhairt isteach chun na cláir a aistriú.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

Aontaíonn

Rinne an Roinn machnamh air sin agus tháinig sí ar an gconclúid go bhfuil sé ríthábhachtach sonraí a tharchur ar bhonn seachtainiúil agus na cláir a chomhroinnt go seachtainiúil chun uasmhéadú leapacha agus rannpháirtíocht le hiarratasóirí IP a chinntiú.

Cuirtear cláir isteach chuig bosca isteach slán tiomanta agus cuireadh rialuithe breise i bhfeidhm. Ní thugtar rochtain ar an mbosca isteach ach don fhoireann ábhartha.

Tá sé i gceist go mbainfidh forfheidhmiú céimeanna breise de BedSpace an gá le haistriú clár nuair a thugtar isteach tairsí don soláthraí seirbhíse.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Tá rialuithe breise a chuirfear le córas BedSpace le críochnú in 2026.

Comhlíontacht rialála

- 10.119** Sainaithníodh i gcuairteanna suímh úsáid leapacha bunc i roinnt réadmhaoine, de shárú ar na caighdeáin chóiríochta náisiúnta. D'fhéadfadh úsáid leapacha bunc an t-íoscheanglas spáis maidir le gach cónaitheoir a shárú, rud a mbeidh plódú dá thoradh. Léiríonn sé freisin sárú féideartha ar an tseirbhís ar conradh.
- 10.120** Ceanglaítear ar sholáthraithe cóiríochta fianaise a thabhairt don IPAS maidir le hiarratas chuig an údarás áitiúil ábhartha i ndáil le réadmhaoine athchóirithe nó réadmhaoine athraithe úsáide. Ach, ní raibh an fianaise sin ar fáil ach maidir le 4 cinn den 20 réadmhaoin shamplach a scrúdaíodh.
- 10.121** Ó mhí Iúil 2024, ceanglaíonn IPAS freisin ar sholáthraithe dearbhú alt 5 a sheoladh isteach maidir leis an bhforbairt dhíolmhaithe ó na ceanglais chun cead pleanála a fháil. Níl an ceanglas sin sonraithe sa teimpléad conartha, áfach.

Moladh 10.5

Ba cheart don IPAS a chinntiú go bhfaighidh sé, más infheidhme, fianaise ar na hiarratais ar fad chuig údaráis áitiúla maidir le réadmhaoine athchóirithe nó réadmhaoine athraithe úsáide a bheartaítear a úsáid mar chóiríocht IP. Ba cheart don IPAS freisin a theimpléad beartaithe cóiríochta a nuashonrú maidir le dearbhú alt 5 i ndáil le forbairt dhíolmhaithe a sheoladh isteach.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

Aontaíonn

Tá fianaise ar iarratas ar dhíolúine an tsoláthraí chuig an údarás áitiúil ábhartha i bhfeidhm maidir le gach réadmhaoín nua. Faoin bpróiseas athnuachana conartha, lorgaítear soiléireacht agus fíorú stádas pleanála an ionaid anois i ngach cás.

Tugadh an teimpléad tairisceana cóiríochta cothrom le dáta in 2025 i ndáil leis an gceanglas ar sholáthraithe dearbhú alt 5 a sheoladh isteach maidir leis an bhforbairt dhíolmhaithe.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Curtha chun feidhme, R3 2025.

Cigireachtaí

10.122 Braitheann IPAS go suntasach ar a fhoirne comhlíontachta agus cigireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht conartha. Is é rialú tábhachtach é sin a d'fhéadfadh ráthaíocht a thabhairt maidir le soláthar na seirbhíse atá faighte ag an Stát ar conradh agus ar a bhfuil sé ag íoc.

10.123 Roimh 2024, rinneadh cigireachtaí ar chóiríocht éigeandála ar bhonn an-teoranta agus *ad hoc*. Tá an ráta cigireachta méadaithe go suntasach ó shin. Forbraíodh nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha maidir le doiciméadacht agus cumarsáid torthaí cigireachta ag tús 2025. Doiciméadaíodh próiseas agus raon feidhme na feidhme comhlíontachta freisin in 2025.

10.124 In 2024, rinneadh cigireacht ar thimpeall 82% de na hionaid chóiríochta. Níor bhain IPAS a sprioc 2024 amach chun cigireacht a dhéanamh ar gach réadmhaoín tráchtála ina raibh iarratasóirí IP faoi dhó sa bhliain, áfach. Bhog IPAS ar aghaidh ó shin chuig próiseas imscrúdaithe riosca-bhunaithe atá níos dírithe ar chomhlíontacht.

10.125 Sular tugadh isteach an rianaire comhlíontachta in Aibreán 2025, níor logáil IPAS sáruiithe conartha a sainathnódh ó mhonatóireacht agus cigireachtaí. Faoi lár mhí an Mheithimh 2025, bhí riosca ard ag baint le níos mó ná 80% de na 118 iontráil ar an rianaire, a bhaint le thart ar 80 soláthróir.¹ Áiríodh orthu sin saincheisteanna a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, leapacha nach bhfuil ar fáil agus rótháille.

¹ Rinneadh tagairt do réadmhaoine seachas do sholáthróirí sa chéad tuarascáil a foilsíodh.

Iarscríbhinn 10A Athbhreithniú doiciméadachta maidir le sampla de 20 réadmhaoin

Cineál cóiríochta	Foinse cóiríochta	Suíomh	Ráta laethúil ar conradh ^a	Cuairt suímh ^b	Foirm thairisceana	Uimhir CRO	Úinéireacht/léas	Conradh sínithe ^c	Deimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán ^d	Cigireacht ^e	Pleanáil ^f	Árachas ^g
Áras Cónaithe	Ionad BOTP aistrithe chuig ionad IP	Baile Átha Cliath Thuaidh	Doiléir									
Coimpléasc árasán	Iarratais ar thairiscint	An Mhí	€70 in aghaidh an duine									
Óstán	Bronnadh díreach	Luimneach	€170 in aghaidh na háitíochta aonair, €40 in aghaidh an duine bhreise									
Óstán	Bronnadh díreach	Baile Átha Cliath Theas	€167 in aghaidh na háitíochta aonair, €20 in aghaidh an duine bhreise									
Óstán	Bronnadh díreach	Lú	€120 in aghaidh an duine									
Áras Cónaithe	Iarratais ar fhoirgnimh fholmha ^h	Baile Átha Cliath Theas	€40 in aghaidh an duine									
Teach lóistín	Bronnadh díreach	Dún na nGall	€70 in aghaidh an duine									
Coimpléasc árasán	Bronnadh díreach	Baile Átha Cliath Theas	€105 in aghaidh an duine									
Coimpléasc árasán	Bronnadh díreach	Dún na nGall	€75 in aghaidh an duine									

Cineál cóiríochta	Foinse cóiríochta	Suíomh	Ráta laethúil ar conradh ^a	Cuairt suímh ^b	Foirm thairisceana	Uimhir CRO	Úinéireacht/léas	Conradh sínithe ^c	Deimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán ^d	Cigireacht ^e	Pleanáil ^f	Árachas ^g
Teach lóistín	Bronnadh díreach	Cill Dara	€80 in aghaidh an duine									
 Curtha i gcrích	 Tionscadail páirt-curtha i gcrích	 Níl sé curtha i gcrích										

- Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Anailís le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.
- Nótaí:

a

I gcásanna nach raibh conradh ar fáil, tá an ráta laethúil bunaithe ar íocaíochtaí a rinneadh.

b

Tugann sé le fios an raibh an réadmhaoin faoi réir cuairt suímh ón bhfoireann imscrúdaithe.

c

Ní raibh teacht ar dheich gcinn de na conartha sínithe a iarradh.

d

Teastaíonn deimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán chun an áitíocht bheartaithe don fhoirgneamh a léiriú. I gcás nach dtaispeántar an leibhéal áitíochta ar dheimhniú dóiteáin, meastar go bhfuil sé páirt-curtha i gcrích.

e

Tugann sé le fios an raibh an réadmhaoin faoi réir cigireachta ó IPAS in 2024.

f

Tugann sé le fios fianaise go ndearnadh iarratas ar athrú úsáide mar chóiríocht éigeandála chuig an údarás áitiúil ábhartha agus go bhfuair IPAS é.

g

Tugann sé le fios go bhfuair IPAS fianaise shoiléir ar árachas maidir le 2024.

h

Tháinig iarratas ón Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais chuig eagraíochtaí reiligiúnacha agus ranna rialtais.